



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preasráiteas Press Statement

'Dul chun cinn na hÉireann a thomhas 2015' foilsithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh

Is ag Éirinn atá:

- ◆ an tríú sciar daonra is mó san Aontas Eorpach de dhaoine idir 25-34 bliain d'aois a bhfuil oideachas tríú leibhéal críochnaithe acu
- ◆ an dara ráta torthúlachta is airde san AE ag 1.94, i bhfad os cionn meánráta an AE de 1.58
- ◆ an ráta colscartha is lú san AE; 0.6 in aghaidh gach 1,000 duine

Chomh maith leis sin:

- ◆ ba í Éire an tríú tír is costasaí i 2015, i ndiaidh na Danmhairge agus na Ríochta Aontaithe le praghsanna 22.5% os cionn meán an AE.
- ◆ bhí an t-aonú ráta déag fostaíochta is ísle san AE ag Éirinn i 2015, agus an deichiú ráta dífhostaíochta is airde sa bhliain céanna.

Tá 'Dul chun cinn na hÉireann a thomhas 2015' eisithe ag an bPríomh-Oifig Staidrimh inniu, foilseachán ina dtugtar forbhreathnú ar staid shóisialta, gheilleagrach, chomhshaoil, oideachais agus sláintiúil na hÉireann, leis an gcuid is mó de tháscairí curtha i gcomhthéacs náisiúnta agus Eorpach araon.

Ag tagairt don fhoilseachán, dúirt Staitisteoir Helen Cahill: "tá an dara ráta torthúlachta is airde san AE, a sheasann ag 1.94, agus beirtear díreach os cionn aon trian de linbh taobh amuigh den phósadh, faoi bhun meánsciar an AE de 40%. Tá an ráta colscartha is lú ag Éirinn, 0.6 in aghaidh gach 1,000 duine den daonra. Tá an sciar is mó de dhaoine óga ag Éirinn as aon bhallstát AE agus an dara ráta is lú de sheandaoine. Ina theannta seo, tá an tríú ráta fáis is mó san AE ag teacht ar dhaoine na hÉireann. Tá an sciar daonra sa tír seo de dhaoine idir 25-34 bliain d'aois a bhfuil oideachas tríú leibhéal críochnaithe acu mar an tríú ceann is mó san AE.

"Is in Éirinn a tharla an cúigiú méadú boilscithe is lú san AE don tréimhse 2011-2015 ach tá praghsanna anseo ard go fóill i gcomhthéacs an Aontais. Ba í Éire an tríú ballstát is costasaí san AE i 2015 i ndiaidh na Danmhairge agus na Ríochta Aontaithe le praghsanna 22.5% os cionn meán an AE. É sin ráite, tá cúrsaí feabhsaithe ón mbliain 2008, tráth ina raibh leibhéal praghsanna in Éirinn 30% os cionn meánleibhéal an AE – an dara leibhéal is airde san Aontas ag an am.

"Titim 42% a tháinig ar an líon cionta arm agus pléascán idir 2010 agus 2015 agus titim 40% a bhí ann i gcás gnímh contúirteacha nó faillíocha. Bhí an ráta fostaíochta in Éirinn mar an t-aonú cheann déag is ísle san AE i 2015 fad is a bhí an ráta dífhostaíochta mar an deichiú ceann is airde. Tógadh 12,666 aonad tithíochta sa tír i 2015 (faoi bhun an líon aonaid a tógadh sa bhliain 1970), tite ón buaic bhliantúil de 90,000 aonad tógtha i 2006."

Nótaí d'eagarthóirí: Tá fáil ar 'Dul chun cinn na hÉireann a thomhas 2015' ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (www.cso.ie)

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12 X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)
0870 876 0256 (RA/TÉ)
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie
www.cso.ie/en/baile

I gcomhar tuilleadh eolais, déan teagmháil le
Helen Cahill (01 498 4253) nó Moira Buckley (01 498 5028).

An Phríomh-Oifig Staidrimh

15 Márta 2017

– CRÍOCH –